**RABHADH**
Freagair gach ceist sna spásanna atá ann chuige ar an bpáipéar

Scríobh do Scrúduimhir anseo.

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2004**

**STAIDÉAR IMSHAOIL AGUS SÓISIALTA**

**GNÁTHLEIBHÉAL**

**DÉ LUAIN, 14 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 1.30 – 3.30**

**Treoracha d'iarrthóirí:**

Freagair GACH CEANN de na CÚIG CHEIST laistigh

- Maidir le Ceist 1 ar leathanaigh *2, 3, 4* agus *5*
  Freagair na TRÍ chuid (A), (B) agus (C)
- Maidir le Ceist 2 ar leathanaigh *6,7, 8* agus *9*
  Freagair cuid (A) NÓ cuid (B)
- Maidir le Ceist 3 ar leathanaigh *10, 11, 12* agus *13*
  Freagair cuid (A). Ansin freagair cuid (B) nó cuid (C)
- Maidir le Ceist 4 ar leathanaigh *14, 15* agus *16*
  Freagair (A), (B) agus (C)
- Maidir le Ceist 5 ar leathanaigh *17* agus *18*
  Seiceáil ar dtús go bhfuil an learscáil agus an t-aerfhótagraf agat.
  Freagair na ceisteanna GO LÉIR.

**Don Scrúdaitheoir amháin:**

| Ceist | MARC |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| IOMLÁN | |
| GRÁD | |



[Thall

**CEIST 1**

24 marc

**Freagair GACH ceann de na TRÍ chuid – (A) agus (B) agus (C)**

**(A) CEISTEANNA ILROGHA** **(12 mharc)**

**Freagair <u>12</u> de na ceisteanna seo a leanas. Cuir tic (√) sa bhosca ceart i ngach cás.**

*Sampla*: Bhaintí úsáid as *bró*:

(a) sa ghlantóireacht ☐ (b) sa mhuilleoireacht ☑

(c) sa sníomh ☐ (d) san fhíodóireacht ☐

***1.*** Faigheann staraí an chuid is mó dá chuid eolais trí:

(a) tochailt ☐ (b) líníocht ☐

(c) léitheoireacht ☐ (d) fótagrafaíocht ☐ (1)

***2.*** Rinne na Ceiltigh airm agus uirlisí as:

(a) cruach ☐ (b) stán ☐

(c) copar ☐ (d) iarann ☐ (1)

***3.*** Is é a tugadh ar an mballa timpeall ar mhainistir ná:

(a) caiseal ☐ (b) scriptorium ☐

(c) iarta ☐ (d) dolman ☐ (1)

***4.*** Tháinig na Lochlannaigh ón:

(a) Ibéir ☐ (b) Iodáil ☐

(c) Baváir ☐ (d) Scandanáiv ☐ (1)

***5.*** Bunaíodh na chéad bhailte in Éirinn ag na:

(a) Rómhánaigh ☐ (b) Lochlannaigh ☐

(c) Normannaigh ☐ (d) Ceiltigh ☐ (1)

***6.*** Thóg na Normannaigh:

(a) crannóga ☐ (b) caisleáin ☐

(c) ráthanna ☐ (d) clogthithe ☐ (1)

*7.* Cén duine díobh seo thíos a ghlac páirt i bPlandáil Uladh?

(a) Séamas I ☐ (b) Strongbó ☐

(c) Harold Fairhair ☐ (d) An Rí Seoirse IV ☐ (1)

*8.* Sa Réabhlóid Thionsclaíoch is é a bhí mar chumhacht ag meaisíní ná:

(a) leictreachas ☐ (b) peitreal ☐

(c) fuinneamh núicléach ☐ (d) gal ☐ (1)

*9.* Bunaíodh na Náisiúin Aontaithe sa bhliain:

(a) 1939 ☐ (b) 1945 ☐

(c) 1950 ☐ (d) 1956 ☐ (1)

**NÓ**

Cé acu tír díobh seo thíos atá ina ball den Aontas Eorpach(AE)?

(a) na Stáit Aontaithe ☐ (b) an Eilvéis ☐

(c) an Fhrainc ☐ (d) an Iorua ☐ (1)

*10* **.** Is é a thugtar ar an aigéan idir an Eoraip agus Meiriceá Thuaidh ná:

(a) an tAigéan Atlantach ☐ (b) an tAigéan Ciúin ☐

(c) an tAigéan Antartach ☐ (d) an tAigéan Indiach ☐ (1)

*11.* Úsáidtear ainéimiméadar chun tomhas a dhéanamh ar:

(a) treo na gaoithe ☐ (b) fliuchras ☐

(c) teocht ☐ (d) luas na gaoithe ☐ (1)

*12.* Is sampla de chaomhnú é:


(a) ró-úsáid ☐ (b) athchúrsáil ☐

(c) dúshaothrú ☐ (d) vástáil ☐ (1)

*13.* Is é a thugtar ar theach aon urláir ná:

(a) teach ilstór ☐ (b) teach aon stóir ☐

(c) teach dhá stór ☐ (d) bloc ☐ (1)

*14.* Ar léarscáil Shuirbhéireacht Ordanáis seasann an tsiombail  do:


(a) stáisiún traenach ☐ (b) stáisiún Gharda Síochána ☐

(c) stáisiún dóiteáin ☐ (c) stáisiún bhád tarrthála ☐ (1)



**[Thall**

## (B) CÚNAMH AGUS CAITEACHAS MÍLEATA (6 mharc)




***Foinse: UNDP, Tuarascáil Fhorbairt Dhaonna, 2001, Oxford University Press.***

Léiríonn an graf thuas an chaoi ar athraigh an caiteachas airgid ar chúnamh agus ar chúrsaí míleata idir 1992 agus 2000. Scrúdaigh an graf agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas.

***1.*** Abair an bhfuil **GACH** ceann de na ráitis seo a leanas **FÍOR** nó **BRÉAGACH.**

Caitheadh $780,000 ar chúrsaí míleata i 2000. ____________________ (1)

Caitheadh $62,673 ar chúnamh i 2000. ____________________ (1)

Caitheadh níos mó ar chúrsaí míleata ná ar chúnamh i 1992 agus i 2000. ____________________ (1)

Laghdaigh an caiteachas ar chúnamh idir 1992 agus 2000. ____________________ (1)

***2.*** Luaigh éifeacht **AMHÁIN** a bhíonn ag caiteachas cúnaimh a laghdú.


______________________________________________

______________________________________________ (2)

**(C) LONNAÍOCHT IN ÉIRINN** **(6 mharc)**

Déan staidéar ar an bpictiúr de mhainistir Éireannach agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

**MAINISTIR ÉIREANNACH**




***1.*** Ainmnigh **DHÁ** chuid den mhainistir a bhfuil **A** agus **B** marcáilte orthu.

A ______________________________

B ______________________________

(2)

***2.*** Ainmnigh **DHÁ** ábhar tógála a úsáideadh chun an mhainistir a dhéanamh.

1.______________________________

2.______________________________ (2)

***3.*** Luaigh bealach **AMHÁIN** ar athraigh na manaigh an saol in Éirinn.

______________________________

______________________________

(2)

**CEIST 2**

24 marc

**Freagair cuid (A) NÓ cuid (B)**

**(A) PLANDÁIL IN ÉIRINN SA 17ú hAOIS** **(24 marc)**

Déan staidéar ar an suirbhé thíos agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

SUIRBHÉ 1613

Tá Iarla Abercorn ina ghealltóir do na codanna sin den Srath Bán, Dún na Long agus Scéin [4500 acra go hiomlán] agus tá na codanna sin plandáilte aige le céad líontí atá tar éis lonnú lena stoc eallaigh. Tá a bhformhór armtha go láidir. Tá teach mór ceann tuí tógtha aige mórthimpeall ar chúirt chearnógach ar an Srath Bán dá úsáid féin.

Níl ach 8 nó 9 dtionónta ag George Hamilton [tiarna neamhchónaitheach] ar a chuid féin [1000 acra], agus seachas sin níl aon ní déanta aige.

SIR JOSIAS BODLEY

***1.*** Cén uair a rinneadh an suirbhé? ______________________ (1)

***2.*** Cén post a bhí ag Iarla Abercorn? ______________________ (1)

***3.*** Ainmnigh **DHÁ** cheantar a phlandáil Iarla Abercorn.

1. ______________________ 2. ______________________ (2)

***4.*** Cé mhéad líontí a lonnaigh Iarla Abercorn ar a chodanna féin? ____________ (1)

***5.*** Ainmnigh **DHÁ** chineál bia a bhí na lonnaitheoirí ábalta a tháirgeadh.

1. ______________________ 2. ______________________ (2)

***6.*** Cén fáth a raibh na lonnaitheoirí armtha?

______________________________________________

______________________________________________ (2)

***7.*** Cén cineál tí a thóg Iarla Abercorn ar an Srath Bán?

________________________________________________ (2)

***8.*** Luaigh **DHÁ** bhlúire fianaise a léiríonn nach raibh rath ar George Hamilton mar ghealltóir.

1. ______________________________________________

2. ______________________________________________ (2)

***9.*** Cé a rinne an suirbhé? ______________________________________ (1)

***10.*** Ainmnigh **DHÁ** uirlis troda a d'úsáidtí ag an am.

1. ____________________ 2. _______________________ (2)

***11.*** Luaigh cúis **AMHÁIN** a raibh tábhacht leis na gealltóirí chun Plandáil Uladh a chur i gcrích.

________________________________________________

________________________________________________ (2)

***12.*** Scríobh alt mar gheall ar cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

(a) Na cúiseanna le Plandáil Uladh.

(b) An saol a bhí ag plandóir i gCúige Uladh.

(c) Comhlachtaí Londan.

________________________________________________

________________________________________________

________________________________________________

________________________________________________

________________________________________________

________________________________________________

________________________________________________

________________________________________________ (6)

**(B) AN BHRASAÍL SA 20ú hAOIS** **(24 marc)**

**Léigh 'Scéal Yano' thíos agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.**

Yano

Indiach Ticuna í Yano. Tá cónaí uirthi lena teaghlach le timpeall is 1000 ball eile dá muintir ar thearmann i bhforaois na hAmasóine. Achar talún é tearmann atá curtha i leataobh ag an rialtas le haghaidh úsáid na nIndiach. Níl siad sásta leis seo mar is í an fhoraois iomlán a ngnáthóg nádúrtha riamh, dar leo féin.

Baineann Yano agus a comh-Indiaigh le cine ársa a mhair sa Bhrasaíl agus in áiteanna eile i Meiriceá leis na céadta bliain sular bhain na hEorpaigh an mhór-roinn amach sa bhliain 1492. Bhí thart ar 4 mhilliún díobh ann ag an am, ach tá laghdú ar a líon de bharr foréigin ina gcoinne agus galair a tugadh isteach ón taobh amuigh. Níl ach thart ar cheathrú milliún Indiach faoi láthair san Amasóin.

Deir Yano nach dteastaíonn ón gcuid is mó dá muintir Indiach a slí bheatha a athrú ó bhonn. Teastaíonn uathu maireachtáil ina n-áiteanna féin, a gcuid nósanna féin a chleachtadh agus a dteanga féin a labhairt. Thar aon rud eile ní theastaíonn uathu go ndíbreodh an rialtas ná lucht gnó ar bith eile iad as a dtailte ar chúis ar bith. Le blianta beaga anuas tá na Ticuna agus grúpaí Indiacha eile tar éis teacht le chéile chun cur i gcoinne gníomhaíochtaí Rialtas na Brasaíle agus a chomhairleoirí agus infheisteoirí eachtracha. Tá sé á thuiscint dóibh níos mó ná riamh go gcaithfidh siad iad féin a eagrú chun iad féin a chosaint ar bhealaí níos éifeachtaí má leanann daoine ag déanamh neamhaird dá dtuairimí.

***1.*** Cé hí Yano? ______________________ (1)

***2.*** Cá bhfuil cónaí ar Yano? ______________________ (1)

***3.*** Cad is tearmann Indiach ann? ______________________

______________________ (2)

***4.*** Cén fáth a bhfuil na hIndiaigh Ticuna míshásta?______________________

______________________ (2)

***5.*** Cén uair a tháinig daoine ón Eoraip chuig Meiriceá Laidneach?______________________ (1)

***6.*** Luaigh **DHÁ** chúis ar thit líon na nIndiach ó 4 mhilliún i 1492 go dtí ceathrú milliún faoi láthair.

1. ______________________

2. ______________________ (4)

*7.* Cén fáth ar tháinig na hIndiaigh Ticuna agus grúpaí eile le chéile le blianta beaga anuas?

______________________________________________

______________________________________________ (2)

*8.* Cén fáth ar chóir slí mhaireachtála na nIndiach a chosaint? Luaigh **DHÁ** chúis leis seo.


1. ______________________________________________

______________________________________________

2. ______________________________________________

______________________________________________ (4)

**Déan staidéar ar an bpictiúr de favela thíos agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.**



*9.* Ainmnigh **DHÁ** ábhar tógála ar baineadh úsáid astu sna foirgnimh san fhótagraf.

1. ____________________ 2. ____________________ (2)

*10* **.** Cén fáth a bhfuil na daoine ag obair agus ag súgradh sa tsráid?

______________________________________________

______________________________________________ (2)

*11.* Luaigh contúirt **AMHÁIN** atá ann do na páistí san fhótagraf.

______________________________________________ (1)

*12.* Luaigh **DHÁ** bhealach a bhféadfaí feabhas a chur ar an favela san fhótagraf.

1. ______________________________________________

2. ______________________________________________ (2)

**CEIST 3**

24 marc

**Freagair cuid (A). Ansin freagair cuid (B) nó (C)**

**(A) AN RÉABHLÓID THIONSCLAÍOCH** **(12 mharc)**

Scrúdaigh an pictiúr agus léigh an sliocht thíos agus ansin freagair na ceisteanna a leanann.



**Obair pháiste sna mianaigh ghuail**

"Téim chuig an mianach ar a cúig a chlog ar maidin agus tagaim amach ar a cúig a chlog tráthnóna; faighim mo bhricfeasta ar dtús, leite agus bainne; tugaim liom mo dhinnéar, cáca, agus ithim é i mbun oibre. Tá paiste maol ar mo chloigeann mar gheall ar na cairteacha guail a bhrú. Brúim na cairteacha míle agus breis faoi thalamh agus ar ais arís. Tá trí chéad meáchan iontu. Brúim aon chairt déag gach lá. Caithim crios agus slabhra chun na cairteacha a chur amach. Uaireanta tugann na mianadóirí a mbím ag obair dóibh léasadh dom mura mbím ag obair sách tapa. Buaileann siad lena lámha mé."

Patience Kershaw

***1.*** Cén t-am a thosaíonn an cailín ag obair? ______________________________ (1)

***2.*** Cé mhéad uaireanta an chloig a d'oibríodh an cailín? ______________________________ (2)

***3.*** Ainmnigh **DHÁ** bhéile a bhíodh ag an gcailín.

1. ______________________________

2. ______________________________ (2)

***4.*** Cén chaoi ar tháinig paiste maol ar chloigeann an chailín? ______________________________

______________________________ (1)

***5.*** Cén fáth a gcaitheadh an cailín crios agus í ag obair?

______________________________

______________________________ (2)

***6.*** Luaigh cúis **AMHÁIN** a mbíodh páistí fostaithe sna mianaigh ghuail agus an Réabhlóid Thionsclaíoch ar siúl.

______________________________

______________________________ (2)

***7.*** Mínigh cén fáth a raibh oiread tábhachta le gual sa Réabhlóid Thionsclaíoch.

______________________________

______________________________

______________________________ (2)

**(B) AN CHÉAD CHOGADH DOMHANDA** **(12 mharc)**

***1.*** Abair an bhfuil **GACH CEANN** de na ráitis seo a leanas **FÍOR NÓ BRÉAGACH**.

Bhí an Kaiser i gceannas ar an mBreatain sa Chéad Chogadh Domhanda.________________ (1)

Ba chomhghuaillithe iad an Fhrainc agus an Ghearmáin sa Chéad Chogadh Domhanda._____ (1)

Troideadh 'Cath an Bulge' sa Chéad Chogadh Domhanda. ____________________________(1)

Úsáideadh tancanna den chéad uair sa Chéad Chogadh Domhanda.______________________(1)

Síníodh Conradh Vín ag deireadh an Chéad Chogadh Domhanda. ______________________ (1)

Thosaigh an Chéad Chogadh Domhanda i 1914. ___________________________________ (1)

***2.*** Scríobh faoi **CHEANN AMHÁIN** díobh seo a leanas:

(a) Na cúiseanna leis an gCéad Chogadh Domhanda;
(b) Cath na Somme;
(c) Lá i saol saighdiúra sa Chéad Chogadh Domhanda;
(d) Conradh Versailles.

(6)

**(C) AN DARA COGADH DOMHANDA** **(12 mharc)**

***1.*** Abair an bhfuil **GACH CEANN** de na ráitis seo a leanas **FÍOR NÓ BRÉAGACH.**

D'úsáid an Bhreatain buamaí eitilte sa Dara Cogadh Domhanda. ______________________ (1)

Ceannaire Francach ba ea Charles de Gaulle sa Dara Cogadh Domhanda. ______________ (1)

Buamáladh Londain go trom sa Dara Cogadh Domhanda. ____________________________(1)

Tharla an 'Holocaust' sa Dara Cogadh Domhanda. __________________________________(1)

Bhuamáil na Gearmánaigh Pearl Harbour sa Dara Cogadh Domhanda. __________________(1)

Bhí Éire neodrach sa Dara Cogadh Domhanda. _____________________________________(1)

***2.*** Scríobh faoi **CHEANN AMHÁIN** díobh seo a leanas:

(a) Na cúiseanna leis an Dara Cogadh Domhanda;
(b) An cogadh san Aigéan Ciúin;
(c) D-Day;
(d) Hiroshima agus Nagasaki.

(6)

**CEIST 4**

24 marc

**Freagair na TRÍ CHUID – (A) agus (B) agus (C)**

**(A) AN DOMHAN FORBARTHA** **(8 marc)**

Breathnaigh ar an bhfótagraf thíos agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

**Ionad Siopadóireachta in Éirinn**




***1.*** Ainmnigh **DHÁ** ghnólacht atá le feiceáil san fhótagraf.

1. ______________________________

2. ______________________________ (2)

***2.*** Luaigh cúis **AMHÁIN** a bhfuil níos mó 'mearbhia' á ithe ag daoine in Éirinn.

______________________________

______________________________ (2)

***3.*** Luaigh bealach **AMHÁIN** a bhféadfadh an tionscal 'mearbhia' díobháil a dhéanamh don timpeallacht.

______________________________

______________________________ (2)

***4.*** Mínigh fadhb **AMHÁIN** a chruthaíonn carranna don timpeallacht.

______________________________

______________________________ (2)

**(B) AN DOMHAN I mBÉAL FORBARTHA** **(8 marc)**

Breathnaigh ar an bhfótagraf thíos agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

**Mná ag déanamh brící**



***1.*** An bhfuil na mná san fhótagraf fostaithe san fheirmeoireacht **NÓ** sa déantúsaíocht?

feirmeoireacht ☐ déantúsaíocht ☐ (1)

***2.*** Cén fáth a bhfuil na mná ag leagadh na mbrící amach faoin ngrian?

________________________________________ (1)

***3.*** Luaigh **DHÁ** fhadhb a bhíonn ag na mná seo ina gcuid oibre.

1. ____________________ 2. ____________________ (2)

***4.*** Luaigh **DHÁ** bhealach a bhfuil an saol éagsúil ag mná in Éirinn.

1. ________________________________________

________________________________________

2. ________________________________________

________________________________________ (4)

**(C) DOMHAN ROINNTE** **(8 marc)**

Breathnaigh ar an gcartún thíos agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.



***1.*** Sa chartún tá an domhan roinnte idir an Tuaisceart saibhir agus an Deisceart bocht. Ainmnigh mór-roinn **AMHÁIN** sa Tuaisceart agus mór-roinn **AMHÁIN** sa Deisceart.

Mór-roinn sa Tuaisceart ____________________ Mór-roinn sa Deisceart __________________(2)

***2.*** Taispeántar bia sa chartún mar ghránaigh. An bhfuil an bia go léir ag an Tuaisceart nó ag an Deisceart?

an Tuaisceart ☐ an Deisceart ☐ (1)

***3.*** An bhfuil fréamhacha na ngránach sa Tuaisceart nó sa Deisceart?

an Tuaisceart ☐ an Deisceart ☐ (1)

***4.*** Cén teachtaireacht atá sa chartún?

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________ (2)

***5.*** Mínigh rud **AMHÁIN** a d'fhéadfadh daoine sa Tuaisceart a dhéanamh a chuideodh leis an soláthar bia sa Deisceart a mhéadú.

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________ (2)

**CEIST 5**

24 marc

**Déan deimhin de go bhfuil léarscáil agus fótagraf agat sula bhfreagraíonn tú na ceisteanna seo.**

Scrúdaigh an léarscáil S.O. 1:50,000 agus an tAerfhótagraf Daite a thagann leis an bpáipéar seo agus freagair na ceisteanna thíos.

Taispeánann an léarscáil agus an fótagraf Béal an Átha, Co. Maigheo.

***1.*** Ainmnigh **CEANN AMHÁIN** de na hoileáin ar Loch Conn.

______________________________ (2)

***2.*** Taispeánann an léarscáil dhá chiorcal dhearga ar an taobh thiar de bhaile Bhéal an Átha. Cad a chiallaíonn an ciorcal dearg?

______________________________ (2)

***3.*** Ainmnigh an abhainn a shníonn trí bhaile Bhéal an Átha.

______________________________ (2)

***4.*** Cén cineál foirgnimh atá le feiceáil ar an taobh thoir den abhainn idir an dá dhroichead?

______________________________ (2)

***5.*** Ainmnigh an **DÁ** bhóthar a ghabhann thar na droichid a thaispeántar san fhótagraf.

______________ agus ______________ (4)

***6.*** Breathnaigh ar an léarscáil agus luaigh **DHÁ** phíosa fianaise a léiríonn go mbíodh cónaí ar dhaoine sa cheantar seo fadó.

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________ (4)

***7.*** Breathnaigh ar an léarscáil agus/nó ar an bhfótagraf agus luaigh **DHÁ** chúis a mbíonn fonn ar thurasóirí teacht chuig ceantar Bhéal an Átha.

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________ (4)

***8.*** Luaigh **DHÁ** shampla den úsáid talún mar a thaispeántar san fhótagraf.

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________ (4)